



## AN DARA COLÚN DE CBT: BEARTAS FORBARTHA TUAITHE

Mar dhara colún den chomhbheartas talmhaíochta (CBT), tá beartas forbartha tuaithe an Aontais ceaptha chun tacú le limistéir thuaithe an Aontais agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán eacnamaíoch, chomhshaoil agus shochoaíoch an 21ú haois. Le leibhéal solúbthachta níos airde (i gcomparáid leis an gcéad cholún), cuirtear ar chumas údaráis réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla a gcláir forbartha tuaithe seacht-mbliana a leagan amach bunaithe ar 'roghchlár de bhearta' Eorpach. I gcomparáid leis an gcéad cholún, atá maoinithe go hiomlán ag AE, tá cláir an dara colún cómhaoinithe ag cistí an Aontais agus ag cistí réigiúnacha nó náisiúnta.

### BUNÚS DLÍ

- Airteagail 38-44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 (IO L 347, 20.12.2013) (forálacha coiteanna maidir le maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa);
- Rialachán (AE) Uimh 1305/2013 (IO L 347, 20.12.2013) (tacaíocht d'fhorbairt tuaithe);
- Rialachán (AE) Uimh 1306/2013 (IO L 347, 20.12.2013) (maoiniú, bainistiú agus faireachán an chomhbheartais talmhaíochta);
- An Rialachán Omnibus (Rialachán (AE) 2017/2393; IO L 350, 29.12.2017, lch. 15) (lena dtugtar isteach athruithe ar Rialacháin Uimh. 1305/2013 agus 1306/2013).

### CUSPÓIR AGUS TOSAÍOCHTAÍ

Tugadh isteach beartas forbartha tuaithe an Aontais Eorpaigh mar dhara cholún de CBT faoi athchóiriú a dtugtar 'Clár 2000' air. Tá sé cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus cistí réigiúnacha nó náisiúnta.

Tá sé d'aidhm ag CETFT rannchuidiú le cur chun feidhme na Straitéise 'Eoraip 2020' (straitéis AE don fhás agus do phoist) trí fhorbairt inbhuanaithe tuaithe a chur chun cinn.

Tá trí thosaíocht uileghabhálach bunaithe ag an gCoimisiún don bheartas forbartha tuaithe:

1. Iomaíochas talmhaíochta a chothú;



2. Bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide a áirithiú;
3. Forbairt chríochach chothromaithe ar gheilleagair thuaithe agus ar phobail tuaithe a bhaint amach, lena n-áirítear fostaíocht a chruthú agus a choinneáil.

Is ionann na príomhchuspóirí sin agus na sé thosaíocht AE seo a leanas do bheartas forbartha tuaithe:

1. Aistriú eolais sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i limistéir thuaithe a chothú;
2. Iomaíochas gach cineál talmhaíochta a fheabhsú agus inmharthanacht feirmeacha a fheabhsú;
3. Eagrúchán an tslabhra bia agus bainistíocht riosca a chur chun cinn sa talmhaíocht;
4. Na héiceachórais a bhraitheann ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht a athchóiriú, a chaomhnú agus a fheabhsú;
5. Éifeachtúlacht acmhainní agus tacaíocht don athrú go geilleagar ísealcharbóin agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil na foraoiseachta;
6. Cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíoch i limistéir thuaithe a chur chun cinn.

Déantar beartas forbartha tuaithe a chur chun feidhme trí chlár forbartha tuaithe arna gceapadh ag Ballstáit (nó réigiúin sna Ballstáit). Cuireann na clár ilbhliantúla sin straitéis pearsanta i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar riachtanais shonracha Ballstát (nó réigiún) agus a bhaineann le ceithre cinn as sé cinn de na tosaíochtaí thuasluaite ar a laghad. Tá na clár bunaithe ar roinnt bearta atá roghnaithe ó ‘roghchlár’ de bhearta Eorpacha a leagtar amach sa Rialachán maidir le Forbairt Tuaithe (Rialachán (AE) Uimh 1305/2013) agus atá cómhaoinithe ag CETFT (féach na sonraí thíos). Athraíonn na rátaí cómhaoinithe de réir an réigiúin agus an bhirt lena mbaineann. Ní mór do na clár, nach mór don Choimisiún Eorpach a fhorghnó, plean maoinithe agus sraith táscairí feidhmíochta a áirithiú. Chuir an Coimisiún agus na Ballstáit córas comhpháirteach ar bun chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an mbeartas forbartha tuaithe. Le linn na clárthréimhse reatha (2014 go dtí 2020), cuirtear béim ar chomhar idir CETFT agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (‘Cistí SIE’), eadhon: cistí an bheartais comhtháthaithe (An Ciste Comhtháthaithe, Ciste Eorpach um Forbairt Réigiúnach (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).

## **BEARTA SA ‘ROGHCHLÁR EORPACH’**

Ní mór a áireamh i gclár na mBallstát bearta a chumhdaíonn na réimsí seo a leanas:

- Aistriú eolais agus bearta faisnéise (oilíuint, feachtais faisnéise, etc.);
- Seirbhísí comhairleacha, seirbhísí bainistíochta feirme agus seirbhísí faoisimh feirme;



- Córtais cháilíochta maidir le táirgí feirme agus bia-ábhair (bealaí nua d'fheirmeoirí a bheith rannpháirteach i gcórais cháilíochta);
- Infheistíocht fhisiceach (próiseáil táirgí feirme, bonneagair, feabhas a chur ar fheidhmíocht agus inbhuanaitheacht feirme, etc.);
- Athshlánú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thabhairt isteach;
- Forbairt feirme agus gnólachtaí (cabhair gnólachta nuathionscanta d'fheirmeoirí óga, d'oibríochtaí gnó neamhfheirme i réigiúin tuaithe, etc.);
- Seirbhísí bunúsacha agus athbheochan sráidbhailte i réigiúin tuaithe (leathanbhanda, gníomhaíochtaí cultúrtha, áiseanna turasoíreachta, etc.);
- Infheistíocht i bhforbairt foraoisí agus i bhfeabhas a chur ar a n-inmharthanacht (foraoisiú agus cruthú coillearnach; bunú córais agraforaoiseachta, damáiste d'fhoraoisí de bharr dóiteán foraoise, tubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha a chosc agus a athchóiriú, lena n-áirítear inmhioluithe seadáin agus galair, chomh maith le bagairtí ó athrú aeráide; infheistíocht chun feabhas a chur ar athléimneacht agus ar luach comhshaoil na n-éiceachóras foraoise agus a bhféidearthacht chun athrú aeráide a laghdú; infheistíocht i dteicneolaíochtaí foraoiseachta agus i dtáirgí foraoise a phróiseáil, a shlógadh agus a mhargú);
- Grúpaí táirgeoirí agus eagraíochtaí táirgeoirí a chur ar bun;
- Cleachtais feirmeoireachta a bhfuil dea-éifeacht acu ar an gcomhshaoil agus ar an aeráid agus a chothaíonn na hathruithe is gá (bearta agra-chomhshaoil-aeráide) a chaomhnú. Caithfear na bearta sin a áireamh i gcláir forbartha tuaithe. Ní mór do ghealltanais dul thar na caighdeáin éigeantacha;
- Fóirdheontais d'fheirmeoireacht orgánach (íocaíochtaí tiontuithe nó tacaíochta);
- Íocaíochtaí atá nasctha le Natura 2000 agus leis an gCreat-Treoir Uisce;
- Íocaíochtaí do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu;
- Íocaíochtaí leasa ainmhithe;
- Íocaíochtaí do sheirbhísí foraoise, comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise;
- Comhar idir feirmeoirí agus oibreoirí foraoisí agus iad siúd a bhaineann leis an slabhra táirgthe bia (bunú ionaid agus líonraí, grúpaí oibríochtúla den Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CNE));
- 'Sraith straitéisí um bainistiú rioscaí': árachas do bharr, do bheostoc agus do phlandaí; cistí frithpháirteacha le haghaidh teagmhas díobhálach aeráide, galar ainmhithe agus plandaí, inmhioluithe le lotnaidí agus teagmhas comhshaoil; uirlis cobhsaithe ioncaim, i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha, trína gcuirtear cúiteamh ar fáil d'fheirmeoirí as laghdú mór ina n-ioncam.



Is gá a thabhairt d'aire, le Rialachán Omnibus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018, gur tháinig athruithe suntasacha ar an scéim bainistíochta riosca a bhí ann cheana. Leis an rialachán nua, tugadh isteach uirlis nua earnáilsonrach cobhsaithe a chuireann cúiteamh ar fáil d'fheirmeoirí as laghdú mór ina n-ioncam, rud a d'imreodh tionchar suntasach eacnamaíoch i limistéir tuaithe. Tá feidhm ag an uirlis earnáilsonrach cobhsaithe má tá laghdú níos mó ná 20% san ioncam. Tá tacaíocht chosúil ar fáil do chonarthaí árachais freisin i gcásanna ina bhfuil níos mó ná 20% de tháirgeacht bhliantúil feirmeora scriosta.

Áirítear i Rialachán na Forbartha Tuaithe freisin cur chuige ón mbun aníos maidir le forbairt áitiúil a bhíonn ar siúl ag geallsealbhoirí áitiúla (cur chuige LEADER). Chomh maith leis sin, maoiníonn CETFT gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe (a bhfuil sé de chuspóir aige gréasáin náisiúnta agus eagraíochtaí náisiúnta agus riaracháin a bhaineann le forbairt na tuaithe a thabhairt le chéile laistigh de AE) agus gréasán CEN a chuireann ar chumas feirmeoirí agus taighdeoirí dul i dteagmháil lena chéile agus eolas a mhalartú. Ina theannta sin, ceadaítear an rialachán do na Ballstáit fochláir théamacha a chur chun feidhme d'fheirmeoirí óga, d'fheirmeacha beaga, do réigiúin shléibhteacha, do shlabhraí soláthair gearra, do mhná i limistéir tuaithe, d'athrú aeráide a laghdú agus oiriúnú dó, do bhithéagsúlacht agus d'athchóiriú earnálacha áirithe talmhaíochta.

## **GNÉITHE AIRGEADAIS**

Laistigh de chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, cuireadh thart ar EUR 100 billiún agus EUR 61 billiún de mhaoiniú poiblí ó Bhallstáit ar leataobh d'fhorbairt tuaithe. Is iad an Fhrainc (EUR 11.4 billiún), an Iodáil (EUR 10.4 billiún), an Ghearmáin (EUR 9.4 billiún) agus an Pholainn (EUR 8.7 billiún) na ceithre príomhfhaighteoirí faoi CETFT. Ní mór 30% ar a laghad de chistí CETFT a leithdháileadh ar infheistíocht sa chomhshaol agus san aeráid, i bhforbairt coillearnach agus i bhfeabhsú inmharthanacht na bhforaoisí, i mbearta 'agra-chomhshaoil-aeráide', i bhfeirmeoireacht orgánach agus in íocaíochtaí Natura 2000. Ina theannta sin, ní mór do 5% ar a laghad de ranníocaíocht EAFRD a chaitheamh ar chur chuige LEADER. Leagtar na méideanna agus na rátaí tacaíochta amach go mionsonraithe in larscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo (e.g. d'fhéadfadh gurb ionann cabhair nuathionscanta gnó d'fheirmeoirí óga agus EUR 70 000, is é EUR 3 000 an t-uasmhéid bliantúil cabhrach do chórais cáilíochta agus, d'fheirmeoireacht orgánach, d'fhéadfadh suas le EUR 900 in aghaidh na bliana a bhronnadh mar chúnamh d'fhás ilbhliantóg).

## **CUR CHUN FEIDHME**

Idir Nollaig 2014 agus Nollaig 2015, d'fhorbair an Coimisiún na 118 gclár forbartha tuaithe ar fad a tharraing na 28 mBallstát suas. Roghnaigh fiche Ballstát clár náisiúnta aonair a chur chun feidhme, agus roghnaigh ocht gcinn acu níos mó ná clár amháin a úsáid (chun a struchtúr geografach nó riaracháin a léiriú). Athraíonn na socrúithe chun an dara colún a chur i bhfeidhm go mór ó Bhallstát go Ballstát, agus laistigh de Bhallstáit ar leith fiú. Taispeáineann na réamhshonraí atá ar fáil gur roghnaigh go leor Ballstát leanúint ar aghaidh le bearta atá ann cheana. Is iad na trí bheart is mó a roghnaítear ón 'roghchlár' Eorpach ná infheistíocht fhisiceach (23% den chaiteachas



poiblí iomlán), bearta ‘agra-chomhshaoil-aeráide’ (17%) agus íocaíochtaí do limistéir atá faoi réir srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile (16%). Cáineadh na socruithe riaracháin don dara colún a chur chun feidhme go minic as iad a bheith róchasta. Mar sin féin, d’fhéadfadh comhaontú ar chuir chuige níos simplí a bheith ar cheann de chuspóirí nuachóiriú CBT atá le teacht i ndiaidh 2020, ar cuir chuige iad a d’fhéadfadh cuntasacht leormhaith a chur ar fáil gan ualach míchuí a chur ar údaráis bhainistíochta agus íocaíochta agus ar thairbhíthe.

## **ATHCHÓIRIÚ AR CBT I NDAIDH 2020**

Ar an 29 Samhain 2017, d’eisigh an Coimisiún teachtaireacht nua maidir le todhchaí an bhia agus na feirmeoireachta, a rinne forbairt ar na moltaí a leagadh amach i nDearbhú Chorcaí 2.0 maidir le forbairt tuaithe (seoladh caibidlíocht maidir le todhchaí an dara colún ag comhdháil Eorpach i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair 2016). Cuireann an teachtaireacht béim ar fhorbairt inbhuanaithe, ar chaomhnú acmhainní nádúrtha agus ar an ngá atá le hathnuachan trí na glúnta a áirithiú. Maidir leis an gceann deireanach sin, tugann an teachtaireacht cuireadh do na Ballstáit cláir a bhunú a léiríonn riachtanais a bhfeirmeoirí óga agus a molann rochtain feirmeoirí óga ar ionstraimí airgeadais chun tacú le hinfheistíochtaí agus chun caipiteal oibre a éascú. Ar deireadh, leagann an teachtaireacht sraith nua tosaíochtaí amach, a chuireann béim ar shlabhraí luacha tuaithe i réimsí amhail fuinneamh glan, an bhithgheilleagar atá ag teacht, an geilleagar ciorclach agus éiceathurasóireacht.

## **RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA**

Ba é athchóiriú CBT is déanaí an chéad cheann a glacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach (‘comhchinnteoireacht’) (3.2.3). Rinne Parlaimint na hEorpa a oiread agus ab fhéidir ina ról mar chomhreachtóir, go háirithe trína chinntiú go ndéanfaí tairseach íosta de 30% ó chistí CETFT a leithdháileadh ar infheistíocht i ngníomhaíochtaí maidir leis an gcomhshaoil agus leis an athrú aeráide, i bhforbairt coillearnach agus i bhfeabhsú inmharthanacht foraoisí, i mbearta ‘agra-chomhshaoil-aeráide’, i bhfeirmeoireacht orgánach agus in íocaíochtaí Natura 2000, mar a dtagraítear thuas dóibh. D’áitigh an Parlaimint freisin go mbeadh ráta cómhaoinithe CETFT de 85% ann sna réigiúin is lú forbairt, na réigiúin is forimeallaí agus na hoileáin Aeigéacha is lú (mhol an Chomhairle ráta cómhaoinithe de 75% ar dtús). Ar deireadh, le hidirghabháil na Parlaiminte, áirithítear íocaíocht uasta de EUR 450 in aghaidh an heicteáir do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile ag baint leo seachas an EUR 300 a mhol an Coimisiún ar dtús agus thacaigh an Chomhairle leis sin.

François Nègre  
05/2019

